Paisean do na
healaíona a spreagadh

**Straitéis 2018-2022**



Ag Draíocht, baineann ár gcuid oibre le i bhfad níos mó ná ár gclár imeachtaí. Le linn na bliana, cabhraímid le daoine de gach aois spás a dhéanamh do na healaíona ina saol féin. Oibrímid i gcomhar le healaíontóirí i ngach disciplín fad a thugaimid faoi thuras leis na mílte daoine chun feabhas a chur ar a saolta trí mheán imeachtaí, tionscadail agus tionscnaimh ealaíon.

**ealaíon. Bhí sceitimíní orm an tráth sin faoi na deiseanna a bhí amach romhainn. Bhí an ceart agam sceitimíní a bheith orm.**



‘Conor at the end of the Universe’ Collapsing Horse Draíocht Theatre Artists in Residence 2016-2018 Photo: Ste Murray

Tá an oiread sin bainte amach againn in imeacht na mblianta agus táim an-bhródúil gur bhaineamar áit amach i gcroíthe agus intinní na ndaoine i mBaile Átha Cliath 15 agus an ceantar mórthimpeall.

Rinneamar é sin le bailiúchán tionscadal a thagann as agus a nascann leis na daoine ar a bhfreastalaímid. Áirítear leo tionscadail cosúil le Hallelujah, Cór Pobail na mBobaidí de chuid Draíocht. Thosaigh Hallelujah amach mar thionscnamh trí bliana chun daoine fásta a tharraingt le chéile, daoine arbh mhian leo canadh agus casadh. Is tionscadal leanúnach aonair é sin anois. Nó *Create Dance*, tionscadal a ndeir tuismitheoirí faoi go gcuireann sé gliondar ar a leanaí atá faoi mhíchumas intleachta agus go gcuireann sé lúcháir orthu mar theaghlaigh. Cuirtear tionscadail úrnua iontacha den chineál sin ar fáil in éineacht le clár ó cheann ceann na bliana inár n-amharclanna a chuireann fáilte roimh ghrúpaí iontacha amaitéaracha agus pobail, chomh maith le roinnt de na daoine agus grúpaí is fearr ag an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta in earnáil na coiméide, cosúil le Jason Byrne, agus in earnáil na hamharclannaíochta, cosúil leis an gCompántas Amharclannaíochta as an Astráil.

In ionad ár maidí a ligean le sruth nó leanúint ar aghaidh leis an ealaín chéanna arís,

Mar sin, thugamar faoin straitéis seo a fhorbairt. Rinneamar athbhreithniú ar ar bhaineamar amach agus ar an taithí ar fhoghlaimíomar uaithi. Chuamar i gcomhairle go leathan le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, agus úsáid á baint as ceardlanna, agallaimh duine le duine agus suirbhé ar líne don phobal.

De bharr an phróisis sin, bhí stór mór torthaí againn, sainmhíníodh ár n-uaillmhian agus leagadh amach tacar soiléir tosaíochtaí chun an uaillmhian sin a bhaint amach. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh leo siúd a thug a gcuid ama agus a bhí chomh sásta a gcuid tuairimí a chur ar fáil ag an gcéim seo.

Mar chuid dár bpróiseas, rinneamar plé freisin ar ár dtosaíochtaí straitéiseacha dár bpríomhchomhpháirtithe maoinithe, Comhairle Contae Fhine Gall agus an Chomhairle Ealaíon. Thugamar faoi deara an cuspóir de chuid Éire Ildánach agus Fine Gall Ildánach, agus rinne dhá thuarascáil thábhachtacha eolas dúinn: An Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht 2015 - 2020, agus Rannpháirtíocht i measc Leanaí agus Daoine Óga sna hEalaíona agus i gCultúr: Léargais ón Staidéar Ag Fás Aníos in Éirinn.

Mar sin, d'fhéadfadh go n-aithneofá an fhís a chuirtear i láthair inár straitéis nua - is é sin, Éire ina bhfuil deis ag gach duine tairbhe agus leas a bhaint as na healaíona. Is fís é sin atá ag

In ainneoin an laghdú a tháinig ar acmhainní le blianta beaga anuas, rinneamar bun thar ár n-acmhainn i go leor réimsí. Leagtar amach sa straitéis seo na réimsí ar a ndíreoimid ár n-iarrachtaí agus leanfaimid d'aird a tharraingt ar Dhraíocht mar cheann de na hionaid ealaíon is tábhachtaí in Éirinn, ionad atá fréamhaithe ina pobal agus ar samhail dea-chleachtais é ó thaobh obair ar mhaithe le leanaí agus daoine óga. Bíodh sin mar atá, is iad ár dtosaíochtaí don chéad chúig bliana eile ná ár gclár a fhorbairt, freagairt a dhéanamh ar ár bpobail (daoine agus áiteanna), saothar iontach a chruthú le leanaí agus daoine óga agus ar mhaithe leo, comhpháirtíochtaí láidre agus éifeachtacha a thógáil agus ár n-inbhuanaitheacht a chinntiú. Agus déanfaimid é sin go léir le samhlaíocht agus uaillmhian. Tá aidhm shoiléir agus tacar cuspóirí mar thaca ag gach ceann de na réimsí straitéiseacha tosaíochta sin.

Sa chéad chúig bliana eile, slánóidh Draíocht 18 mbliana d'aois. Tiocfaimid in aois. Mar sin, tugann an straitéis seo Draíocht isteach i gcéim nua dá saol. Táim ag tnúth le bheith ag obair leis an mBord, ár mbunaitheoirí agus ár gcomhpháirtithe, agus le bheith i gceannas ar ár bhfoireann thiomanta fad a thagann Draíocht in aibíocht agus a fhreastalaíonn sí ar a pobal agus a healaíontóirí níos fearr ná riamh.



David Bolger & Madge Bolger in CoisCéim Dance Theatre's
'Swimming with my Mother' by David Bolger. Photo by Jym Darling.

# ÁR LUACHANNA

## FÁILTE CHROÍÚIL

Is cinnte go gcuirfear fáilte chroíúil romhat, is cuma cé acu ar bhuail tú isteach le haghaidh cupán caife, chun seó a fheiceáil, chun páirt a ghlacadh i gceardlann nó má tá tú ag obair linn mar ealaíontóir. Táimid oscailte agus fáilteach agus caithimid go hómósach le gach duine.

## BEAGÁN DRAÍOCHTA

Tá draíocht ag baint leis na healaíona agus creidimid go diongbháilte i gcumhacht claochlaithe na n-ealaíon. Mar sin, oibrímid go dian chun draíocht a chruthú a chuireann áthas ar dhaoine, a spreagann iad agus a d'fhéadfadh athrú a dhéanamh ar shaolta. D'fhéadfadh go mbeadh rud chomh simplí le hoíche mhaith amuigh i gceist leis sin nó rud chomh tábhachtach le duine cumasach a aimsiú den chéad uair nó an tsaoirse agus muinín a bheith agat thú féin a chur in iúl trí na healaíona.

## AN-SPÓRT

Bainimid sult as a ndéanaimid agus tá súil againn go mbaineann tú sult as freisin. Cuireann sé cluaisíní croí orainn clár oibre aigeanta imeachtaí agus gníomhaíochtaí le chéile a  mheallann daoine de gach aois, ag gach céim den saol, a bhfuil gach cineál spéiseanna acu agus leibhéil dhifriúla cumais acu. Is eispéireas dearfach é chomh maith oibriú linn.

## BRAISTINT CHOMHUINTEARAIS

Táimid bródúil as a bheith inár gcuid den phobal bríomhar i mBaile Átha Cliath 15 agus táimid tiomanta d'obair a dhéanamh ar mhaithe leis agus comóradh a dhéanamh air. Tacaímid le healaíontóirí áitiúla agus déanaimid éascaíocht ar chruthaitheacht inár bpobal. Mar chúiteamh, tá súil againn go spreagfaimid nasc láidir le Draíocht ionas go mothaíonn tú gur cuid mhór dínn é an pobal.

## TIOMANTAS DON NÁDÚR

Is mór againn na healaíona. Cosúil le haon rud a cheapann tú gur rud maith é, ba mhaith linn é a roinnt. Mar sin, baineann cuid mhór dár gcuid oibre le rannpháirtíocht ghníomhach sna healaíona a spreagadh agus deiseanna rannpháirtíochta a chruthú.  Tacaímid le healaíontóirí a bhfuil an uaillmhian chéanna acu agus forbraímid a gcuid saothar.

## ÁR dTOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA:

D'aithníomar cúig thosaíocht straitéiseacha a thacaíonn lenár n-uaillmhianta agus a chuireann iad chun cinn sa lá atá inniu ann agus san am atá le teacht.

### CLÁR
Ag tacú le healaíontóirí

### POBAL
Níos mó daoine a shroicheadh

### LEANAÍ AGUS DAOINE ÓGA
Deis labhartha a thabhairt do leanaí agus daoine óga

### COMHPHÁIRTÍOCHT
Ag oibriú le chéile

### INBHUANAITHEACHT
Ár dtodhchaí a bhaint amach

shábháilte agus spreagthach ina bhfuil an tsaoirse acu a bheith cruthaitheach. Déanfaidh ár dtuiscint eolas dár n-obair ach, níos tábhachtaí ná sin, déanfaimid freagairt ar cad a déarfaidh na daoine is óige inár bpobal linn go mbaineann sé leo agus go bhfuil spéis acu ann. Agus é sin á dhéanamh againn, seasfaimid lenár stádas mar shamhail deachleachtais i dtaca le soláthar ealaíon do leanaí agus daoine óga.

tionchar acu orainn

- Cothóimid cláir a chuireann ar chumas leanaí agus daoine óga a bheith cruthaitheach agus coinneoimid ar siúl iad
- Neartóimid ár gcláir chun comhionannas rochtana a mhéadú ionas go mbeidh rochtain ag níos mó leanaí agus a chinntiú go bhfuil caighdeán a n-eispéireas chomh maith céanna
- Forbróimid cleachtas na n-ealaíontóirí a oibríonn go sonrach i réimse na n-ealaíon do leanaí agus daoine óga

- Beidh Comhairle do Leanaí agus Painéal Comhairleach do Dhaoine Óga curtha ar bun againn agus beidh deachleachtas maidir le próisis ionchuimsitheacha chinnteoireachta curtha chun cinn
- Méadóimid Amharclann na hÓige Bhaile Átha Cliath 15, Create Dance agus Toddler TakeOver, agus beidh scrúdú déanta againn ar dheiseanna eile le haghaidh cláir fhadtéarmacha forbartha, agus beidh na cláir sin curtha ar fáil againn ar bhonn píolótach
- Beidh fáilte curtha ar fáil againn roimh níos mó leanaí agus daoine óga chuig Draíocht, rud a dhéanfar trí bhacainní i ndáil le rannpháirtíocht a laghdú trí mheán áiteanna saor in aisce a chur ar fáil agus le tionscnaimh eile, agus trí chláreagrú a dhéanamh atá dírithe ar riachtanais ar leith
- Beidh clár Ealaíontóir Cónaithe do Leanaí curtha ar bun againn

# COMHPHÁIRTÍOCHT

### Aidhm: Comhpháirtíochtaí a bhunú a thacaíonn lenár n-uaillmhian

Creidimid gur féidir linn níos mó a bhaint amach do na daoine atá tábhachtach dúinn trí obair a dhéanamh i gcomhar le príomheagraíochtaí. Aithnímid go dtógann sé am chun comhpháirtíochtaí atá fíoréifeachtach a chothú agus go bhfuil siad bunaithe ar mhuinín agus meas, agus oibreoimid sa chéad chúpla bliain eile chun na caidrimh atá ann, ar mór againn iad, a threisiú agus caidrimh láidre nua a fhorbairt le comhpháirtithe atá ag teacht linn nó atá ar aon intinn linn. Fad atáimid ag iarraidh ár réim agus tionchar a mhéadú, táimid ag tnúth leis na comhpháirtíochtaí seo a bhunú le gach cineál eagraíochtaí sna tionscail ealaíon, cultúir agus cruthaitheachta, sna hearnálacha gnó agus oideachais agus le gníomhaireachtaí reachtúla agus ranna.

### An méid a dhéanfaimid chun an aidhm seo a bhaint amach

- Leanfaimid orainn ár gcaidreamh leis an Rannán Pobail agus Áineasa agus le rannáin eile laistigh de Chomhairle Contae Fhine Gall a fhás agus a fhorbairt, agus oibreoimid go straitéiseach chun ár n-aidhmeanna comhchoiteann a chur i gcrích. Méadóimid ár dteagmháil le rannáin eile de réir mar is cuí chun tacú lenár dtosaíochtaí áitiúla a bhaint amach
- Leanfaimid orainn teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle Ealaíon agus oibreoimid le chéile chun na tosaíochtaí straitéiseacha in 'Making Great Art Work' a chur i gcrích
- Neartóimid ár gcaidrimh le gníomhaireachtaí agus soláthraithe áitiúla agus aimseoimid ceangail inar féidir linn oibriú le chéile agus tionchar a bheith ann dá bharr sin
- Tógfaimid comhaontais fhiúntacha leis an bpobal gnó sa cheantar
- Aithneoimid agus cothóimid caidreamh le comhpháirtithe reachtúla agus neamhreachtúla eile féideartha a d'fhéadfadh cur lenár gclár oibre agus an clár oibre a neartú

### Conas a thuigfimid go bhfuil an aidhm seo bainte amach againn?

- Beidh clár méadaithe saothar comhoibríoch againn a raibh tionchar dearfach aige go dtí sin ar ealaíontóirí agus ar an bpobal laistigh de cheantar ár n-údaráis áitiúil
- Beidh aitheantas tugtha dúinn ag an gComhairle Ealaíon agus beidh tacaíocht tugtha dúinn ag an gComhairle Ealaíon, ar eagraíocht ríthábhachtach í laistigh den infreastruchtúr ealaíon
- Beidh roinnt tionscnamh le gníomhaireachtaí áitiúla curtha ar fáil againn ar bhonn píolótach agus beidh caidrimh forbartha againn le príomhchomhpháirtithe
- Beidh cumas níos fearr againn i réimsí áirithe oibre, beidh úsáid bainte againn as deiseanna nua agus beidh caidrimh tógtha againn le cohórt óg trínár gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir
- Beidh tacaíocht faighte againn ó roinnt gnólachtaí sa cheantar a thacaíonn lenár n-obair agus a chumasaíonn ár n-obair
- Beidh raon ár ngníomhaíochtaí méadaithe againn trí ghrúpa comhpháirtithe maoinithe níos éagsúla a fháil

# INBHUANAITHEACHT

### Aidhm: Ár gcumas a fhorbairt agus todhchaí inbhuanaithe a

### An méid a dhéanfaimid chun an aidhm seo a bhaint amach

- Beidh baill nua ceaptha ar ár mBord go minic a bhfuil an t-eolas, saineolas, scileanna agus tionchar acu chun ár n-uaillmhian a chur chun

### Conas a thuigfimid go bhfuil an aidhm seo bainte amach againn?

- Beidh go leor de na cuspóirí sa straitéis seo curtha i gcrích againn faoi threoir an Bhoird

Oibrímid agus tacaímid le healaíontóirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a phléann le gach disciplín chun saothair a chur i láthair agus a chruthú.

Tugaimid an pobal agus ealaíontóirí le chéile agus is sa spás sin atá draíocht le haimsiú.

## DÉAN TEAGMHÁIL


**T:** +353 (01) 885 2622

**:** marketing@draiocht.ie

Faigheann Draíocht leibhéal mór maoinithe ó Chomhairle Contae Fhine Gall agus cuireann an Chomhairle Ealaíon maoiniú breise ar fáil. Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é nach bhfuil scairchaipiteal aige agus is carthanas cláraithe é. Tá Draíocht á rialú ag Bord deonach.

**Draíocht**
Ionad Bhaile Bhlainséir,
Baile Bhlainséir
Baile Átha Cliath 15

www.draiocht.ie
01 885 2622